Uisce Éireann
Irish Water

Dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí

(Mórcheantar Uirbeach Chorcaí)

Comhairliúchán 2

Straitéis Fuíolluisce Chorcaí

Déantar measúnú i nDréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí ar an gcóireáil fuíolluisce agus ar an mbonneagar líonra atá ann cheana i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí— faoi láthair, is ionann sin agus 26 ionad cóireála fuíolluisce, 193 stáisiún caidéalúcháin, 225 forsceitheadh uisce stoirme, agus 1,300km líonra fuíolluisce— chun na hinfheistíochtaí atá ag teastáil chun tacú le fás inbhuanaithe, athléimneacht aeráide, agus cosaint timpeallachta go dtí an bhliain 2080 a shocrú.

Sainaithnítear sa straitéis na réitigh roghnaithe chun acmhainn chóireála, draenáil agus feidhmíocht líonra a fheabhsú, agus tugtar tosaíocht do thionscadail ar fud trí thréimhse pleanála: gearrthéarmach (2030) meántéarmach (2055), agus fadtéarmach (2080).

Cad is Mórcheantar Uirbeach Chorcaí ann?

Is mórcheantar uirbeach réigiúnach i gContae Chorcaí é Mórcheantar Uirbeach Chorcaí, arna shainaithint amhlaidh sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus i Straitéis Réigiúnach Spásúil agus Eacnamaíoch 2020-2032.

Áirítear na nithe a leanas leis na dúshláin maidir le fuíolluisce a bhailiú agus a chóireáil i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí:

- Cosaint an Chomhshaoil
- Fás Daonra agus Forbairt Eacnamaíoch
- Comhlíonadh Rialála
- Bonneagar atá ag dul in aois
- Athléimneacht i leith an Athraithe Aeráide

Dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí

Uisce Éireann
Irish Water

Tá fás suntasach tagtha ar Chathair Chorcaí agus ar an gceantar máguaird mar thoradh ar rath eacnamaíoch Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí.
Baineann deacrachtaí, mar thoradh ar an bhfás sin, le hacmhainn an bhonneagair draenála fuíolluisce chun freastal ar an éileamh méadaithe ar thalamh sheirbhísithe nua le haghaidh tithíochta, forbairtí tráchtála agus tionscail.

Na Dúshláin Reatha atá roimh Chorcaigh

- Cosaint an Chomhshaoil
- Fás Daonra agus Forbairt Eacnamaíoch
- Comhlíonadh Rialála
- Bonneagar atá ag dul in aois
- Athléimneacht i leith an Athraithe Aeráide

Cad é atá i Straitéis Fuíolluisce?

Is é an cuspóir atá le Straitéis Fuíolluisce measúnú a dhéanamh ar an mbonneagar cóireála agus líonra fuíolluisce i limistéar geografach ar leith chun méid na hinfheistíochta a bheidh ag teastáil amach anseo ann a shocrú don mheántéarma agus don fhadtéarma. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn bonneagar leordhóthanach fuíolluisce ann chun soláthar tithíochta agus forbairt tráchtála a éascú, agus chun tacú le fás inbhuanaithe agus le cosaint na timpeallachta.

An Limistéar Staidéir

Cuimsítear Cuan Chorcaí agus Calafort Chorcaí sa Limistéar Staidéir chomh maith le breis is 25 baile agus sráidbhaile agus croílár uirbeach Chathair Chorcaí.

Cad é atá i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí?

Is mórcheantar uirbeach réigiúnach i gContae Chorcaí é Mórcheantar Uirbeach Chorcaí, arna shainaithint amhlaidh sa Chreat Náisiúnta Pleanála agus i Straitéis Spáis agus Eacnamaíochta Réigiúnach 2020-2032.

Cad é mar atáthar ag forbairt an staidéir?

Cuirfear an méid seo a leanas san áireamh i nDréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí:

1. Anailís ar an mbonneagar fuíolluisce atá ann cheana féin chomh maith le sonraí a bhailiú.
2. Measúnuithe ar fhás daonra agus eacnamaíoch.
3. Measúnacht straitéiseach timpeallachta.
4. Comhairliúchán le páirtithe leasmhara agus leis an bpobal.

Cathain a rachaimid i gcomhairle?

Comhairliúchán:

Cuireadh an chéad bhabhta de chomhairliúchán ar siúl sa bhliain 2024 chun tuairimí agus aiseolas a fháil ar an bPáipéar Saincheisteanna, ar staidéar Raon Scóipe na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MST) agus ar Thuarascáil Scagtha na Measúnachta Cuí.

Breithníodh aiseolas ó chomhairliúchán 1 agus dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí á forbairt, agus foilsíodh í le haghaidh comhairliúcháin mar aon leis na tuarascálacha timpeallachta a bhaineann léi.

Cá háit a bhfuil faisnéis bhreise ar fáil?

Ríomhphost: CWS@water.ie

Suíomh gréasáin: www.water.ie/cws

Conas a Forbraíodh an Straitéis?

Forbraíodh Dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí ar phróiseas soiléir céim ar chéim a leanann dea-chleachtais náisiúnta agus idirnáisiúnta. Áiríodh leis sin:

- Measúnú a dhéanamh ar an mbonneagar fuíolluisce atá ann cheana chun limistéir a shainaithint a bhfuil gá feabhas a chur orthu
- Riachtanais fuíolluisce amach anseo a thuar do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí do na blianta 2030, 2055, agus 2080
- Ard-samhaltú fuíolluisce a úsáid chun tuiscint a fháil ar conas a fheidhmíonn an córas fuíolluisce agus an tionchar atá aige ar an timpeallacht.
- Tionchair timpeallachta a mheas agus a chinntiú go gcomhlíonann gach plean riachtanais dhlíthiúla
- Roinnt réiteach a shainaithint chun sraith moltaí a fhorbairt

Shainaithin Straitéis Fuíolluisce Chorcaí 11 fho-abhantrach fuíolluisce straitéiseach, bunaithe ar fheidhmíocht agus tréithe bonneagair, lena n-áirítear suíomhanna, laistigh de Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí. Dá bharr sin, bhíomar in ann cur chuige níos dírithe a ghlacadh, pleanáil go héifeachtach agus aghaidh a thabhairt ar na riachtanais, brúnna agus dúshláin ar leith a bhaineann le gach fo-abhantrach.

Tar éis sin, rinneamar imscrúdú ar conas a oibríonn na 26 Ionad Cóireála Fuíolluisce ar fud an limistéir laistigh dá bhfo-abhantracha faoi seach. Dhírigh an anailís seo ar dheiseanna barrfheabhsaithe a shainaithint.

Fíor 1: Ionaid Chóireála Fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorca

Fíor 2: Fo-Abhantrach MUC

Fo-Abhantrach	Ionad Cóireála Fuíolluisce
Fo-Abhantrach 1	Ionad Cóireála Fuíolluisce na Blarnan
	Ionad Cóireála Fuíolluisce na Cúirte Brice
	Ionad Cóireála Fuíolluisce na Druipsí
	Ionad Cóireála Fuíolluisce Inis Cara
Fo-Abhantrach 2	Ionad Cóireála Fuíolluisce na gCillíní
Fo-Abhantrach 3	Ionad Cóireála Fuíolluisce Charraig na bhFear
	Ionad Cóireála Fuíolluisce Ghreanaí
	Ionad Cóireála Fuíolluisce an Teampaill Ghil
Fo-Abhantrach 4	Ionad Cóireála Fuíolluisce Chnoc Rátha
	Ionad Cóireála Fuíolluisce Chnocán na Biolraí
Fo-Abhantrach 5	Ionad Cóireála Fuíolluisce Charraig Ghrianáin
Fo-Abhantrach 6	Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile Garbháin
	Ionad Cóireála Fuíolluisce Halfway
	Ionad Cóireála Fuíolluisce Dhroichead an Mhionnáin (River Valley)
Fo-Abhantrach 7	Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile an Chollaigh
	Ionad Cóireála Fuíolluisce Chill na hOmnaí
Fo-Abhantrach 8	Ionad Cóireála Fuíolluisce Chuan Íochtarach Chorcaí
Fo-Abhantrach 9	Ionad Cóireála Fuíolluisce Charraig Thuathail
	Ionad Cóireála Fuíolluisce Mhainistir na Corann
Fo-Abhantrach 10	Ionad Cóireála Fuíolluisce Chluana
	Ionad Cóireála Fuíolluisce an Chóibh Thuaidh
	Ionad Cóireála Fuíolluisce Sháilín
	Ionad Cóireála Fuíolluisce an Gheata Bháin – Áth Fhada
Fo-Abhantrach 11	Ionad Cóireála Fuíolluisce Bhaile an Churraigh
	Ionad Cóireála Fuíolluisce Lios Cúil Theas
	Ionad Cóireála Fuíolluisce Lios Cúil Thuaidh

D'oibrigh saineolaithe ó réimsí éagsúla, amhail innealtóireacht, éiceolaíocht, hidreolaíocht, agus níos mó, le chéile trí cheardlanna agus trí phlé leanúnach chun gach rogha a phlé.

Bunaíodh **an próiseas Forbartha Straitéise agus Roghanna** mar thoradh ar an iarracht chomhoibríoch seo, chun na réitigh draenála agus chóireála is éifeachtaí do Chorcaigh a shainaithint ar fud trí phríomhthréimhse pleanála: **2030 (gearrthéarmach), 2025 (meántéarmach), agus 2080 (fadtéarmach).**

Lean an próiseas modheolaíocht struchtúrtha chúig chéim:

1. **Riachtanais shuíomhoiriúnaithe a shainaithint**
2. **Sraith chuimsitheach roghanna a chruthú**
3. **Roghanna maidir le féidearthacht theicniúil agus timpeallachta a scagadh**
4. **Roghanna ar an ngearrliosta a mheas agus Measúnú Ilchritéar a úsáid**
5. **An straitéis roghnaithe a shainaithint bunaithe ar shamhaltú agus ar thuairimí páirtithe leasmhara**

Cruthaíodh **an cur chuige molta** de bharr an chuir chuige mhionchúisigh seo – is creat straitéiseach é seo a chomhtháthaíonn na réitigh is oiriúnaí do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí ar an iomlán. Sainaithnítear ann na bearta roghnaithe chun **acmhainn chóireála, éifeachtacht draenála, agus feidhmíocht fhoriomlán an líonra a fheabhsú.**

Moltar sa dréacht-straitéis **díchoimisiúnú a dhéanamh ar 16 ionad cóireála fuíolluisce níos lú**, agus atreorú fuíolluisce chuig saoráidí, láraithe níos mó. Leis an gcur chuige sin, cuirfear feabhas ar éifeachtacht oibríochta, cuirfear feabhas ar thorthaí timpeallachta, agus neartófar athléimneacht córais trí acmhainní agus bonneagar a chomhdhlúthú. Leis na réitigh a mholtar, cuirfear na réitigh chun cinn mar thograí aonair agus cuirfear in ord tosaíochta iad ar fud na trí thréimhse pleanála. Déanfar measúnú timpeallachta ar gach togra, más gá, a bhféadfadh **Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT)** agus **Measúnacht Chuí (MC)** a bheith i gceist leo, rud a chinnteoidh go gcomhlíonfar rialacháin timpeallachta agus ailíniú le spriocanna inbhuanaitheachta.

An Cur Chuige Molta

Díchoimisiúin agus Aistrithe na nIonad Cóireála Fuíolluisce (ICFU)

- **ICFU na Blarnan:** Díchoimisiúnaithe; sreafaí a atreorú chuig ICFU Charraig Ghrianáin trí stáisiún caidéalúcháin agus trí phíblíne nua.
- **ICFU Inis Cara:** Díchoimisiúnaithe; sreafaí atreoraithe chuig ICFU na Blarnan.
- **ICFUnna Charraig na bhFear agus Ghreanaí:** Díchoimisiúnaithe; sreafaí atreoraithe chuig ICFU an Teampaill Ghil.

- **ICFU an Teampaill Ghil:** Díchoimisiúnaithe; sreafaí atreoraithe chuig ICFU an Teampaill Ghil.
- **ICFU Chnoc Rátha:** Díchoimisiúnaithe, sreafaí atreoraithe go Stáisiún Caidéalúcháin Dhroichead Ghleann Maghair.
- **ICFUnna Bhaile an Churraigh agus Lios Cúil Thuaidh:** Díchoimisiúnaithe; sreafaí atreoraithe chuig ICFU nua Lios Cúil Theas.
- **ICFU Sháilín:** Díchoimisiúnaithe; sreafaí atreoraithe chuig ICFU Chluana.
- **ICFU Chill na hOmnaí:** Díchoimisiúnaithe; sreafaí atreoraithe chuig ICFU nua Bhaile an Chollaigh.
- **ICFUnna Bhaile Garbháin, Dhroichead an Mhionnáin agus Halfway:** Díchoimisiúnaithe; sreafaí atreoraithe chuig ICFU an tSeanbhaile.
- **ICFU na gCillíní:** Díchoimisiúnaithe; ceangailte le Líonra Cathrach Chorcaí.
- **ICFU an Chóibh Thuaidh:** Díchoimisiúnaithe; ceangailte le Líonra an Chóibh.
- **ICFU Chnocán na Biolraí:** Díchoimisiúnaithe, aistríodh fuíolluisce go Stáisiún. Caidéalúcháin Dhroichead Ghleann Maghair agus cóireáladh é in TwTP Charraig Ghrianáin.

Uasghráduithe ar Ionad Cóireála Fuíolluisce

Uasghrádú acmhainne ag na hIonaid Cóireála Fuíolluisce seo a leanas:

- Acmhainn deiridh de 850CD ag an gCúirt Bhreac faoin mbliain 2080
- Acmhainn deiridh de 850CD ag An Druipseach faoin mbliain 2080
- Acmhainn deiridh de 5,500CD ag Cluain faoin mbliain 2080
- Acmhainn deiridh de 4,500CD ag an nGeata Bán-Áth Fhada faoin mbliain 2080
- Acmhainn deiridh de 2,400CD ag Lios Cúil Theas faoin mbliain 2080
- Acmhainn deiridh de 98,000CD ag Cuan Íochtarach Chorcaí faoin mbliain 2080
- Acmhainn deiridh de 558,000CD ag Carraig Ghrianáin faoin mbliain 2080
- Acmhainn deiridh de 22,500CD ag Mainistir na Corann faoin mbliain 2080

- Uasghrádú ar ICFU Charraig Thuathail: Le hacmhainn deiridh de 47,000CD faoin mbliain 2080 Áiríodh leis sin síneadh srutha éalaithe nua ag Loch Machan.
- ICFU Bhaile an Chollaigh nua: Tógadh é sin lena chur in áit na saoráide atá ann cheana ag a bhfuil acmhainn deiridh de 72,000CD de chóireáil threasach. Coinneofar suíomh an tsrutha éalaithe mar atá sé.

Tá tuilleadh eolais ar an gCur Chuige Molta do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí i gcuid 12 den dréacht-straitéis.

Monatóireacht ar Cháilíocht Uisce

Mar chuid de Dhréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí, rinne Uisce Éireann measúnú tionchair ar an gcáilíocht uisce sna ceithre phríomhdhobharlach i gCorcaigh (An Ghlaise Bhuí, Abhainn na Baoi, Abhainn na Cora agus córas ilbhrainse na Laoi) agus sna dobharlaigh mhuirí atá i gcóras nádúrtha Chuan Chorcaí (lena n-áirítear Inbhir na Laoi agus Abhainn na Cora, Loch Machan, An Chuisle Thuaidh agus Cuan Chorcaí). Áiríodh leis na staidéir seo measúnú ar Chuspóirí na Creat-Treorach Uisce do gach dobharlach, limistéir ainmnithe faoi chosaint agus cuspóirí caomhnaithe do ghnáthóga faoi chosaint.

Úsáideadh torthaí an mheasúnaithe seo chun caighdeáin chóireála a mholadh ag gach ionad cóireála fuíolluisce agus chun tosaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí maidir le huasghrádaithe chun cáilíocht uisce a chosaint go dtí an bhliain 2080. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ar an measúnú seo i gCuid 9 den dréacht-Straitéis.

Feidhmíocht Ionad Cóireála Fuíolluisce

Rinne Uisce Éireann measúnú ar na hionaid chóireála fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí, lenar measadh acmhainn, próisis chóireála, comhlíonadh rialála, saincheisteanna oibríochta, agus pleananna maidir le huasghrádaithe amach anseo. Sainaithníodh le hathbhreithniú ar ionaid chóireála fuíolluisce laistigh den Limistéar Staidéir roinnt tionscadal a bhféadfadh a chur i bhfeidhm faoin mbliain 2030 chun comhlíonadh agus acmhainn a choinneáil ag roinnt ionad cóireála fuíolluisce. Tá sonraí an tionscadail faoi réir ag athbhreithniú bliantúil maidir le hacmhainn agus comhlíonadh.

Measúnacht Timpeallachta

Mar chuid de dhréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí, rinneamar measúnuithe mionsonraithe timpeallachta lena chinntiú go gcosnaíonn ár bpleananna an dúlra agus go dtacaíonn siad le fás inbhuanaithe. Breathnaíonn Tuarascáil Timpeallachta na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MST) ar an gcaoi a bhféadfadh an straitéis tionchar a imirt ar an timpeallacht, lena n-áirítear cáilíocht an uisce, an bhithéagsúlacht, athléimneacht i leith an athraithe aeráide, áineas agus sláinte.

Chabhraigh sé sin linn rioscaí féideartha a aithint go luath agus cinntítear leis go bhfuil páirt ag breithnithe timpeallachta mar chuid de gach cinneadh. Sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS), rinneadh measúnú ar an bhféidearthacht go mbeadh tionchar ag an dréacht-straitéis ar láithreáin Natura 2000, limistéir speisialta ainmnithe a chosnaíonn gnáthóga agus speicis neamhchoitianta faoin dlí Eorpach. Nuair a d'aithníomar aon riosca féideartha, chuireamar bearta san áireamh chun na rioscaí féideartha sin a sheachaint nó a laghdú, agus oidhreacht nádúrtha Chorcaí á cosaint. Trí mheasúnú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha timpeallachta anois, is féidir linn straitéis fuíolluisce a sholáthar a thacaíonn le fás Chorcaí agus bithéagsúlacht agus timpeallacht na háite á cosaint.

Fíor 3: Infografaic Straitéis Fuíolluisce Chorcaí



Comhairliúchán

Déanfar comhairliúchán poiblí le haghaidh ocht seachtaine ag tosú i mí Eanáir 2026.

Is féidir dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí agus na tuarascálacha Timpeallachta a ghabhann léi a fheiceáil agus a íoslódáil ag: www.water.ie/cws.

Déanfaimid imeacht **pearsanta** a óstáil mar aon le **seimineár gréasáin** le linn na tréimhse comhairliúcháin. Téigh chuig an suíomh gréasáin le haghaidh dátaí agus sonraí.

Tá na doiciméid seo a leanas ar fáil ar ár suíomh gréasáin:

- **Dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí** - Sonraítear leis seo an plean fadtéarmach a d'fhorbair Uisce Éireann chun bainistiú inbhuanaithe an bhonneagair fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí a threorú go dtí an bhliain 2080.
- **Achoimre Neamhtheicniúil ar Dhréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí** - Soláthraíonn an achoimre seo forbhreathnú soiléir, inrochtana ar an straitéis iomlán.
- **MST - Tuarascáil Chomhshaoil** - Déantar meastóireacht sa Tuarascáil Chomhshaoil ar an Measúnacht Straitéiseach Timpeallachta ar na héifeachtaí comhshaoil is dócha a bheadh ag baint le cur chun feidhme Straitéis Fuíolluisce Chorcaí.
- **Ráiteas Tionchair Natura** - Leis an RTN, déantar measúnú ar cé acu a d'fhéadfadh nó nach bhféadfadh an straitéis difear suntasach a dhéanamh do láithreáin Natura 2000, do ghnáthóga agus speicis faoi chosaint faoi Threoracha an Aontais Eorpaigh maidir le Gnáthóga agus Éin.
- Sonraí faoi gach **imeacht comhairliúcháin** agus conas clárú.

Conas aighneacht a chur isteach:

Ríomhphost: CWS@water.ie

Post: Straitéis Fuíolluisce Chorcaí, Uisce Éireann, Bosca Oifige Poist 860, Oifig Seachadta Dheisceart na Cathrach, Cathair Chorcaí

Déanfar an t-aiseolas go léir ó pháirtithe leasmhara a athbhreithniú agus a mheas agus Straitéis Fuíolluisce Chorcaí á tabhairt chun críche againn.

Ceisteanna comhairliúcháin

1. Shainaithníomar an gá le 16 Ionad Cóireála Fuíolluisce a dhíchoimisiúnú, 9 gcinn a uasghrádú agus 1 cheann a athlonnú mar chuid den chur chuige molta. An bhfuil aon aiseolas agat ar an modheolaíocht a úsáideadh chun an cur chuige seo a chinneadh?
2. Tugann Cuid 10 den dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí achoimre ar an modheolaíocht a úsáideadh chun roghanna féideartha a shainaithint agus a mheas do réitigh maidir le draenáil straitéiseach agus cóireáil fuíolluisce i Mórcheantar Uirbeach Chorcaí. Tá d'aiseolas ar an gcur chuige seo á lorg againn. An síleann tú go bhfuil an mhodheolaíocht láidir, trédhearcach, agus cuí chun na réitigh is féideartha agus is éifeachtaí a shainaithint?
3. An bhfuil faisnéis bhreise ar bith ann i do thuairim ar cheart d'Uisce Éireann í a mheas agus an dréacht-Straitéis á forbairt?
4. Tugann Cuid 12 de dhréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí achoimre ar an gCur Chuige Molta do Mhórcheantar Uirbeach Chorcaí, lena n-áirítear moltaí dá chur chun feidhme. Fáiltímid do thuairimí ar na moltaí seo. An bhfuil aon tráchtanna nó moltaí agat ar conas a chuirfear an straitéis chun feidhme?
5. An bhfuil aon tuairimí agat faoi Thuarascáil Timpeallachta na Measúnachta Straitéisí Timpeallachta (MST) agus faoi Ráiteas Tionchair Natura (RTN) a ghabhann le dréacht-Straitéis Fuíolluisce Chorcaí?
6. An bhfuil aon tuairimí breise ar mhaith leat a roinnt maidir leis an dréacht-Straitéis Fuíolluisce?

Conas a chuirfear Straitéis Fuíolluisce Chorcaí i bhfeidhm?

- Cuirfear Straitéis Fuíolluisce Chorcaí chun feidhme i gcéimeanna, agus é ailínithe le pleananna infheistíochta caipitil Uisce Éireann agus maoirseacht rialála CRF agus GCC. De bharr scála agus castachta, clúdóidh cur chun feidhme timthriallta infheistíochta éagsúla.
- Déanfar gach moladh atá leagtha amach sa Straitéis seo a chíoradh go mion agus a chur in ord tosaíochta ag brath ar ghá, indéantacht, riachtanais chomhshaoil agus maoiniú a bheith ar fáil. Níl aon chinnteacht ann go ndéanfar aon mholadh sa straitéis a chur chun cinn nó a chur i gcrích. Léiríonn sé, ina áit sin, gur fiú scrúdú breise a dhéanamh ar an moladh mar chuid de thimthriallta pleanála agus infheistíochta Uisce Éireann don am atá le teacht, ina ndéanfar cinntí maidir lena chur i bhfeidhm i gcomhréir le tosaíochtaí eagraíochtúla agus oibleagáidí rialála.
- Déanfar measúnú ar thionscadail i gcomhréir le nósanna imeachta náisiúnta um rialú infheistíochta, de réir mar is gá, chun luach ar airgead, comhlíonadh um an gcomhshaol, agus comhréiteach le spriocanna inbhuanaitheachta fadtéarma agus leis an straitéis seo a chinntiú. Tugtar achoimre in CWS ar thréimhse

ionchasach straitéise leathan le haghaidh an Cur Chuige Molta a chur i bhfeidhm, agus saolré iomlán chur i gcrích an tionscadail aonair á sainaithint, lena gcuimsítear breithmheas, pleanáil, soláthar, tógáil, agus céimeanna oibríochta.

- Chun éifeachtúlacht a bharrfheabhsú, cuireann an straitéis béim ar chomhordú ar fud tograí. Roghnófar tograí go cúramach ionas go mbeidh siad oiriúnach ó thaobh tráthúlachta de. Beidh na tograí atá ag dul ar aghaidh ó Straitéis Fuíolluisce Chorcaí faoi réir ag measúnachtaí timpeallachta aonair, agus seans go n-áireofar Measúnacht Tionchair Timpeallachta agus Measúnacht Chuí.
- Cinntíonn an cur chuige comhtháite, fadtéarmach seo cur chun feidhme éifeachtúil ó phleanáil go hoibríocht, a thacaíonn le spriocanna timpeallachta agus cáilíochta uisce Chorcaí.

Fíor 4: Treochlár Comhairliúcháin